



Bord Um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha  
Private Residential Tenancies Board

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2007



# An Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	<b>5</b>	Aguisíní
Ballraíocht an Bhoird	<b>7</b>	Aguisín 1: Próiseas Réiteach Díospóide
Feidhmeanna an Bhoird	<b>8</b>	Aguisín 2: Sliocht as an Tuarascáil agus as na Ráitis
Freagrachtaí	8	Airgeadais don bhliain dar críoch
Coistí	8	31 Nollaig 2007
Liosta Coistí agus a mBallraíocht	11	
Freastal ar Chruinnithe Boird & Táillí fóchta	12	
Gníomhaíochtaí	<b>13</b>	
Clárúcháin Tionóntachtaí	13	
Seirbhís Réiteach Díospóide	17	
Faisnéis agus Taighde	27	
Riarachán	<b>28</b>	
Foireann	28	
Sábháilteacht, Sláinte & Leas	28	
Airgeadas	28	
Cosaint Sonráí	28	
Tairiscintí larrtha & Tugtha	29	



Bord Um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha  
Private Residential Tenancies Board

# Tuarascáil Bhlianntúil & Cuntais 2007

“Bhí dul chun cinn suntasach i réimse an chlárúcháin ina raibh 202,078 san ionlán de thionóntachtaí cláraithe faoi dheireadh 2007.”

## Ráiteas an Chathaoirligh



Tá lúcháir orm an tríú Tuarascáil Bhliantúil den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) a clúdaíonn an bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2007. Lean an PRTB air ag imirt tionchar suntasach ar fhorbairt na hearnála cíosa príobháidí in Éirinn, earnáil atá nua-aimseartha agus dea-rialaithe.

Bhí dul chun cinn suntasach i réimse an chlárúcháin ina raibh 202,078 san iomlán de thionóntachtaí cláraithe faoi dheiminéadh 2007. Bhí roinnt litreacha rabhaidh eisithe ag aturnaetha an PRTB, a lean fógraí a gineadh agus a seirbheáladh ar thiarnaí talún ag an PRTB. Is léir go raibh na litreacha rabhaidh deiridh an-eifeachtach óir chuaigh mórán tiarnaí talún i dteagmháil leis an PRTB agus mar thoradh air sin chláraigh siad a dtionóntachtaí. Laghdaigh sin ar bhonn suntasach líon na gcásanna a d'fhéadfaí a thabhairt ar aghaidh.

I gcomparáid le 2006 bhí méadú 15% ar líon na gcásanna a atreoraíodh chuig Seirbhís Réiteach Díospóide le linn 2007, ina raibh beagnach 1,500 iarratas díospóide faighte ag an PRTB. Is éard atá sa líon sin ná líon níos lú ná 1% de na tionóntachtaí a cláraíodh leis an PRTB. Arís eile is í an chatagóir is mó cásanna san iomlán ná gearán coinneála éarlais (35%) a cuireadh faoi bhráid an PRTB le haghaidh réitigh agus ba é sin 52% de chásanna tionóntachtaí le linn 2007. As 74% de na cásanna úd le linn 2007, cinneadh gur cóir do thiarnaí talún cuid den éarlais nó an éarlais iomlán a bhí coinnithe acu a aisíoc leis an tionónta. Threisigh an PRTB arís agus arís eile gurb é maoin an tionónta agus ní hé maoin an tiarna talún na héarlaísi agus nach mór iad a thabhairt ar ais do thionóntachtaí, ach amháin sa chás go raibh sárú soiléir ann ar a n-oibleagáidí dlíthiúla a

d'fhéadfaí a chruthú os comhair breithneora nó binse. Dá laghdófaí díospóidí neamhriachtanacha a bhaineann le haisíoc éarlaise bheadh líon suntasach d'acmhainní PRTB saor chun catagóirí eile cásanna a chur chun cinn.

Ba iad na cásanna díospóide, go hiomlán nó go páirteach, ina raibh riaráistí cíosa ag tionóntaí an dara catagóir is mó cásanna a tugadh faoi bhráid an PRTB le linn 2007 (19%) agus ba é sin an chatagóir is mó cásanna a chuir tiarnaí talún isteach (62%). Tá imní ar an PRTB go bhféadfaí go mbeadh mionlach tionóntaí ag baint mí-úsáide as meicníochtaí réiteach díospóide an PRTB le gur féidir leo fanacht ina gcóiriúcháint cíosa gan cíos a fóc le linn dá gcás a bheith próiseáilte trí an PRTB. Níl sé inghlactha go ndéanfadh tionontaí a gcosaintí dlíthiúla a mhí-úsáid ar an gcaoi sin. Leanfaidh an PRTB air sa tóir ar thionóntaí os comhair na cíurte más gá le gur féidir leo riaráistí cíosa a fhochúteamh murar gcomhlíontar go hiomlán a nOrdúithe Cinnidh. Ba chóir do thionóntaí a thuiscint go soiléir mura n-íocfaí cíos gurb é an toradh a bheadh air ná Ordú Cinnidh ón PRTB agus mura gcloíffí leis d'fhéadfaí ionchúiseamh coiriúil a bheith mar thoradh air. D'fhéadfaí iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann do thionóntaí mura n-íocfaí cíos agus dá méadófaí riaráistí.

Cinnfidh ár bhfochoiste reachtaíochta nua, freisin, má tá athruithe ag teastáil maidir leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe chun gur féidir atarluithe mí-úsáidí den chineál sin a sheachaint.

Ba léir, de réir a chéile, le linn 2007 nach raibh dóthain foirne ag an PRTB toisc leibhéal nach raibh tuartha de chlárúcháin, d'íarratais díospóide agus

ar bhealach ríthábhachtach líon mór ceisteanna teileaffón a fuair an ghníomhaireacht ó bunaíodh í sa bhliain 2004. Dá bhrí sin is é an toradh a bhí air ná méadú ar riaráiste cásanna agus ar amanna próiseála cásanna díospóide le linn 2007. Ba chóir do thionónaí agus do thiarnaí talún araon a thuiscent, mar chomhlacht réiteach díospóide nach féidir leis an PRTB cormhairle aonair a chur orthu agus chuideodh a leithéid de laghdú ar ghlaonna a iarrann sin le foireann an PRTB chun cásanna díospóide a phróiseáil. D'éirigh leis an PRTB cead a iarraidh ar an Roinn Airgeadais foireann bhereise a earcú go luath sa bhliain 2008, agus mar gheall air sin cuireadh le líon foirne an PRTB sa dara leath de 2008.

Trí bliana ó bunaíodh é, is tráthúilanois é don PRTB aistriú óna bhonnchéim chun cur chuige níos straitéisí a fhobairt i dtaca lena oibríochtaí. Thosaigh an obair ar ullmhúchán don Chéad Phlean Chorparáideach den PRTB le linn 2007. Tabharfaidh an Plean Corparáideach creat straitéiseach fhioriomlán do gach tionscnamh eile amhail an Straitéis ICT lena chinntí go bhforbraíonn an PRTB a mbeartais éagsúla agus a réimsí oibríochtaí ar bhealach éifeachtúlaí, níos comhleanúnaí agus níoa inbhuanaithe. B'éigean don PRTB, mar eagraíocht nuabhuaithe le hacmhainní measartha, aghaidh a thabhairt ar mhórán dúshlán sna chéad bhlianta. Cinnteoidh an PRTB, áfach, go bhfeabhsóidh caighdeán san earnáil agus go rachfar i ngleic le líon tiarnaí talún agus tionónaí saobha atá ag méadú trí dhea-chleachtas a chur faoi deara sa tionscal cíosa príobháideach agus trína dhiongabháilteacht a léiriú chun a ordúithe a shainordú nuair is gá.

Ba mhaith liom, thar ceann an Bhoird, mo bhúochas a ghlagadh leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta gus Rialtais Áitiúil, lenár ngeallsealbhóirí eile agus ar ndóigh lenár gcustaiméirí as a tacáiocht leanúnach d'obair an PRTB. Ar bhonn pearsanta, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuidiú luachmhar lena forbairt agus ar an gcaoi chéanna lenár gcomhbhreithneoirí agus idirghabhálaithe atá ag obair, thar ceann an PRTB, fud fad na tíre. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhúochas a ghabháil le hobair agus le gealltanás foireann an PRTB, a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin laethúla a bhaineann le hobair a dhéanamh in eagraíocht nua faoi chuínsí deacra go minic. Leanfaidh an PRTB ag cur athchóiriú na hearnála cíosa príobháidí in Éirinn chun cinn agus léireoidh sé cumas na hearnála poiblí freastal ar riachtanais sochaí atá ag athrú.



**Tom Dunne, Cathaoirleach**

## Ballraíocht an Bhoird

Tom Dunne (Cathaoirleach) Ceannaire ar Scoil Eastát Réadaigh agus Eacnamaíocht Foirgníochta, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

James Bridgeman Abhcóide, Leachtóir le Dlí, CHR Baile Átha Cliath

Anne Colley Aturnae

Orla Coyne Aturnae

Liam Gleeson Príomhoifigeach Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Aideen Hayden Aturnae agus Cathaoirleach Threshold

Mary Heaslip Ceantálaí agus Luachálaí

Fintan McNamara Gairmeach Maoine

\*Conn Murray Bainistoir Cathrach, Comhairle Cathrach Loch Garman

Liam O'Donnell Ceantálaí agus Luachálaí agus CEO ar Institiúid na gCeantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla

An Dr Eoin O'Sullivan Léachtóir le Beartas Sóisialta, Scoil na hOibre Sóisialta agus Beartais Shóisialta, Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath

Dervla Quinn Aturnae

An tOllamh Bairbre Redmond Leasphríomhoide, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Pat Riney Suirbhéir Cairte, Ceantálaí agus Luachálaí

Tony Taaffe Aturnae

\*D'éirigh an tUasal Conn Murray as i mí an Mheithimh 2007.

# Feidhmeanna an Bhoird

## Freagráchtaí

Is comhlacht reachtúil é an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) atá freagrach as feidhmiú córas náisiúnta clárúcháin do gach tionóntacht cónaithe phríobháideach; as feidhmiú seirbhís reiteach díospóide; as faisnéis a thabhairt; as taighde a dhéanamh; as comhairle beartais a thabhairt maidir leis an earnáil cíosa phríobháideach.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna an PRTB:

- réiteach díospóide idir tionóntáí agus tiarnaí talún de réir fhóralacha Chuid 6 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004;
- sonraí a chlárú maidir le tionóntachtaí de réir fhóralacha Chuid 7 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004;
- comhairle a thabhairt don Aire ar bheartas maidir leis an earnáil cíosa phríobháideach;
- treoir línte dea-chleachtais déanta acu siúd atá páriteach san earnáil cíosa phríobháidigh a fhorbairt agus a fhoilsiú;
- eolas a bhailíú agus a thabhairt maidir leis an earnáil cíosa phríobháideach agus eolas a bhaineann le leibhéal cíosa an tráth sin san áireamh;
- nuair a mheasann an Bord gur cuí é, taighde a dhéanamh ar an earnáil cíosa phríobháideach agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú gnéithe áirithe na hearnála cíosa príobháidí nó an taighde agus an monatóireacht sin a shocrú;
- athbhreithniú ar oibríocht an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus ar achtacháin ábhartha eile agus moltaí a dhéanamh don Aire leis an Acht nó na hachtacháin sin a leasú; agus

- feidhmiúchán na bhfeidhmeanna breise a thugann an Aire don Bhord.

## Coistí

De réir Alt 157 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 bhunaigh an Bord roinnt coistí, mionsonraithe thíos, chun cúnamh lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Faoi réir Alt 158(4) den Acht oibríonn gach Coiste faoi théarmaí tagartha agus faoi nósanna imeachta arna gcinneadh ag an mBord.

## Coiste Réiteach Díospóide

Bunaíodh an Coiste Réiteach Díospóide i mí na Nollag 2004 agus tá baill den Bhord agus daoine eile air (féach leathanach 11). Bíonn triúr as an gcoiste seo ar Bhinsí Tionóntachta atá bunaithe le haghaidh díospóidí a éisteacht. Tá an Bord, i gcomhairle leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, aontaithe ar rialacha agus nósanna imeachta faoin gcaoi a reachtáltear cruinnithe an Choiste Réiteach Díospóide agus faoi fheidhmiú a bhfeidhmeanna. Is féidir iad a leasú ag am ar bith le cead ón mBord agus ón Aire.

Gníomhóidh an Coiste Réiteach Díospóide agus aon Bhinse Tionóntachta a bhunófar i gcónai de réir fhóralacha an Achta. Tá cinneadh Binse ina cheangal dlí agus ní fhéadfar iad a achomharc ach ar phointe dlí san Ard-Chúirt. Bhí cruinníú amháin ag an gCoiste in 2007.

## Coiste Alt 189

Bhunaigh an Bord Coiste Alt 189 i mí Bealtaine 2005. Buaileann an Coiste le chéile nuair a iarann an Stiúrthóir orthu é de bharr éileamh atá faigte ag an mBord ar iarratas faoi Alt 189 den Acht. Fórlaitear

in Alt 189 don Bhord maidir le hiarratas a dhéanamh ar an gCúirt Chuarda i leith faoisimh eatramhaigh nó idirbhreithigh nuair a cheapann an Bord go bhfuil seo cuí, mar shampla i gcásanna tromchúiseacha d'iompraíocht fhrithshóisialta nó díshealbhuithe neamhdhleathacha.

Is é feidhm an Choiste cinneadh a dhéanamh faoi ar chóir don Bhord iarratas a dhéanamh chuir an gCúirt Chuarda nó nár chóir faoi Alt 189 den Acht. Ní gá don Bhord cinntí de chuid an Choiste a dheimhniú, glactar leo mar chinntí de chuid an Bhoird. Níor éillfodh ar an mBord bualadh le chéile in 2007.

### **Coiste Taighde**

Bhunaigh an Bord Coiste Taighde i mí an Mheithimh 2005. Is iad feidhmeanna an Choiste cinneadh a dhéanamh faoin sórt taighde a bheadh oiriúnach, riachtanach agus inmhianaithe don Bhord le tabhairt faoi ag cur san áireamh faisnéis a bhíonn ar fáil don Bhord, socruthe a dhéanamh chun tabhairt faoi thaighde mar seo agus breathnú ar thorthaí an taighde nuair atá siad ar fáil agus tuairisciú a thabhairt orthu don Bhord. Bhuaile an Coiste le chéile dhá uair in 2007. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an Rannóg ‘Faisnéis agus Taighde’ ar Leathanach 30 sa tuarascáil seo.

### **Coiste Iniúchóireachta**

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta i mí an Mhárta 2006. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh don Bhord agus do bheinisteoirí sinsearacha ar ábhar ar bith a bhaineann le feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí lastigh den Bhord de réir mar a

mheasann an Coiste a bheith riachtanach nó cuí; agus chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu atá próisis curtha i bhfeidhm chun rioscaí a bhainistiú de réir treoirínt eagraíochta agus pleannanna gnó. Bhuaile an Coiste le chéile trí huairé in 2007. Ceapadh Crowley DFK Chartered Accountants mar Iniúchóirí Inmheánacha le linn an ama sin agus chríochnaigh siad na tuarascálacha seo a leanas:

- Iniúchadh Inmheánach: Ioncam
- Iniúchadh Inmheánach: Ceannach agus Cur Chun Cinn Sonrasc
- Iniúchadh Inmheánach: Córais IT
- Measúnú Riosca agus Plean Iniúchta Inmheánaigh 2006 go 2009

### **Coiste Airgeadais**

Bhunaigh an Bord Coiste Airgeadais i mí an Mheithimh 2006. Déantar tearmaí tagartha agus nósanna imeachta an Choiste Airgeadais faoi Alt 158(4) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus tá siad faoi réir fhórálacha an Achta. Is iad feidhmeanna an Choiste cabhrú leis an mBord comhfheagrachtaí agus freagráchtaí aonair dlí a chomhlíonadh a tharlaíonn go príomha i réimsí tuairiscithe agus rialaithe airgeadais. Bhuaile an Coiste le chéile ceithre huairé déag le linn 2007.

### **Coiste Reachtaíochta**

Bhunaigh an Bord Coiste Reachtaíochta in 2006 a bhuaile le chéile den chéad uair an 1 Feabhra 2007. Bunaíodh an Coiste Reachtaíochta, atá ina Fho-Ghrúpa de chuid an Bhoird, chun leasuithe ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 a scrúdú agus a mholadh. Bhuaile an Coiste le chéile 9 n-uaire in 2007 agus chuir siad chun cinn raon moltaí reachtúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne

---

Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar deireadh in 2008.

**Coiste Athbhreithnithe Painéis an Bheithneora/  
Idirghabhálaí**

Ceapann an PRTB breithneoirí agus idirghabhálaí neamhspleácha chun díospoidí tionóntachta a réiteach. De bhithín go raibh an chéad phainéal breithneoirí agus idirghabhálaí le dul as feidhm i mí na Nollag 2007, bhreithnigh an Bord an nós imeachta roghnúcháin maidir leis an gcéad phainéal eile go luath sa bhliain 2007. Cheap an Bord coiste chun athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar phleananna chun baill ar phainéis breithneoirí agus idirghabhálaí a earcú, a mheas agus a thraenáil sa bhliain 2007.

## Liosta Coistí agus a mBallraíocht

### Coiste Réiteach Díospóide

Tom Dunne (C)  
 James Bridgeman  
 Anne Colley  
 Charlie Corcoran  
 Orla Coyne  
 Tom Dowling  
 John C. Elliott  
 Michael Farry  
 Liam Gleeson  
 Aideen Hayden  
 Mary Heaslip  
 Bill Holohan  
 Paulyn Marrinan-Quinn  
 Bernard McDonagh  
 Fintan McNamara  
 Conn Murray\*  
 Liam Nolan  
 Liam O'Donnell  
 An Dr Eoin O'Sullivan  
 Dervla Quinn  
 An tOllamh Bairbre Redmond  
 Pat Riney  
 Tony Taaffe  
 \*A d'éirigh as mí an Mheithimh 2007

### Coiste Alt 189

Tom Dunne (C)  
 James Bridgeman  
 Anne Colley  
 Fintan McNamara  
 An Dr Eoin O'Sullivan

### Coiste Taighde

An Dr Eoin O'Sullivan (C)  
 Tom Dunne  
 Aideen Hayden

Mary Heaslip

Fintan McNamara  
 An tOllamh Bairbre Redmond  
 Pat Riney

### Coiste Iniúchóireachta

Noel O'Connell (C)  
 Dermot Byrne\*  
 Denis Conlan  
 Aideen Hayden  
 Conn Murray\*\*  
 \* Ina bhall ó mhí Meithimh 2007  
 \*\* A d'éirigh as in 2007

### Coiste Reachtaíochta

Tom Dunne (C)  
 Anne Colley  
 Liam Gleeson  
 Dervla Quinn  
 Orla Coyne

### Coiste Airgeadais

Conn Murray (C)\*  
 Jim Bridgeman  
 Aideen Hayden  
 Liam Gleeson\*\*  
 Fintan McNamara  
 An Dr. Eoin O'Sullivan  
 \*A d'éirigh as i mí an Mheithimh 2007  
 \*\*Ina bhall ó 2007

### Coiste Athbhreithnithe Painéis an Bhreithneora/ Idirghabhálaí

James Bridgeman  
 An tOllamh Bairbre Redmond  
 An Dr Eoin O'Sullivan  
 Liam O'Donnell  
 (C – Cathaoirleach)

## Freastal na mBall Boird ar Chruinnithe Boird agus Mionsonraí ar Tháillí Íochta (1 Eanáir 2007 - 31 Nollaig 2007)

Ball Boird	Cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu			Binsí ar freastalaíodh orthu		Íocaíocht
	Beartas	Díospóidí	Coiste	Cathaoirleach	Ball	
Tom Dunne, Cathaoirleach	15	10	11	6	4	€21,257
James Bridgeman	11	7	11	8	7	€22,190
Anne Colley	11	10	12	9	6	€21,854
Aideen Hayden	13	12	15	10	11	€29,282
Mary Heaslip	10	11	2	6	1	€18,634
Fintan McNamara	12	11	12	9	9	€26,001
Conn Murray (A d'éirigh as i mí an Mheithimh 07)	2	1	2	1	0	0
Liam O'Donnell (a d'éirigh as i mí na Nollag 07)	8	9	2	0	6	€8,959
An Dr. Eoin O'Sullivan	13	11	15	7	13	€26,356
Dervla Quinn	11	8	11	10	9	€25,495
An tOllamh Bairbre Redmond	8	9	5	4	12	€18,376
Pat Riney	6	7	1	2	9	€12,974
Tony Taaffe	14	9	2	8	19	€29,829
Orla Coyne	13	10	5	4	10	€20,905
Liam Gleeson	14	11	12	0	0	0
Iomlán	161	136	118	84	116	€282,112

Bhí 28 gCruinniú Boird (idir Bheartas agus Dhíospóidí curtha san áireamh) agus 26 Chruinniú Coiste.

Iomlán na dtáillí a íocadh le Baill Bhoird €282,112 – agus as sin €142,260 íoctha ar son freastal ar chruinnithe Boird

Freastal ar	Táillí íoctha i bhfeidhm ó	
	1 Nollaig, 2006	1 Meitheamh, 2007
Cruinnithe Boird/Cruinnithe Coiste/Traenáil	€204 (€225 don Chathaoirleach)	€208 (€230 don Chathaoirleach)
Cruinnithe Díospóide / Éisteachtaí Díospóide	€361 (€563 don Chathaoirleach)	€368 (€574 don Chathaoirleach)

# Gníomhaíochtaí



## Clárúcháin Tionóntachtaí

Faoi réir an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 tá ceangaltais ar thiarnaí talún a gcuid tionóntachtaí a chlárú leis an PRTB laistigh d'aon mhí i ndiaidh dóibh tosú. Nuair nach gcláraíonn tiarnaí talún tionóntacht, níl cead ag an PRTB deileáil le haon díospóid a thabharfadh an tiarna talún ina láthair. Níl tionchar ag neamhchlárú ar chearta na dtionóntaí agus is féidir leo an tseirbhís réiteach díospóide a úsáid bíodh an tionóntacht cláraithe nó ná bíodh.

Tá roinnt cúiseanna ann nach mór do thiarnaí talún mionsonraí a gcuid tionóntachtaí a chlárú leis an PRTB. Tá na mionsonraí tionóntachta ábhartha go háirithe do dhíospóidí a bhaineann le cíos, le hathbhreithnithe cíosa, le foircinn, le slándáil tionachta agus le gnéithe eile. Is gá freisin fainnéis chórasach chuí a bhailiú le go mbeadh tuiscint níos fearr ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an margadh maidir le maoin chónaithe ar cíos.

### Táillí ar Chlárúchán Tionóntachtaí

- Tá na táillí seo a leanas i bhfeidhm maidir le clárúchán tionóntachtaí;
- **€70** an tionóntachta atá ann faoi láthair ach é a bheith cláraithe in am, is é sin 1 mhí tar éis don tionóntacht tosú nó
  - **€300** maidie le hiltionóntachtaí san aon fhoirgneamh amháin agus a chláráitear le chéile agus iad go léir laistigh d'aon mhí amháin ó dhá tionscnaimh na chéad tionóntachta (i.e. Bogann an chéad tionóntha isteach ar 01/01/07, mar sin ní mór do gach foirm bheith curtha isteach faoi 01/02/07). Dá dtiocadh chun deiridh, laistigh de dhá mhí dhéag den táille ilchodach a bheith ioctha, ceann de na tionónachtaí a bhí curtha i

dtacar na n-iltionóntachtaí agus go gcuirtear tú le tionóntacht nua, ní gá táille a chur leis an iarratas chun an tionóntacht a chlárú ach go ndéanfar é laistigh de mhí amháin ó thionscnamh na tionóntacha.

- Nuair a chláráitear tionóntacht níos moille ná tréimhse 1 mhí ó thionscnamh na tionóntachta, bíonn táille bhreise de €70 (sé sin **€140** san ionmlán) iníoctha ar chlárúcháin dheireanacha mar seo. Níl aon eisceacht ann ar tháille deireanach agus níl an táille ilchodach ar fáil i leith clárúchán deireanach ar iltionóntachtaí atá san aon fhoirgneamh amháin.

Níl táille iníoctha má tá 2 íocaíocht déanta ar an tionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe sna dá mhí dhéag roimhe sin. Níl táille iníoctha i gcás nuashonrú ar thionóntacht reatha atá cláraithe.

Maireann an clárúchán fad na tionóntachta, sin uasmhéid de 4 bliana. Má tá an tionóntha céanna san áitreacha tar éis 4 bliana ní mór an tionóntacht nua seo atá anois i bhfeidhm a chlárú as an nua leis an PRTB.

### Acht Airgeadais 2006

Foráltear dó san Acht Airgeadais gur coinníoll teidlíochta le haghaidh faoiseamh ús morgáiste ar mhaoin cónaitheacha é gur gá forálacha mar atá san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe a chomhlíonadh.

Is faoin tiarna talún féin iad féin a shásamh go bhfuil siad ag comhlíonadh an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe.

### Staitisticí ar Chlárúchán Tionóntachta

Faoi dheireadh 2007, b'ionann lón iomlán na gclárúchán agus 202,078. Chláraigh breis agus 81,000 tionóntacht sa bhliain 2007. Ba é an meánlíon iarratais tionóntachta a fuarthas go laethúil sa bhliain 2007 ná 338, sin laghdú 30% ar an meán laethúil don bhliain 2006. Cé go bhfuil an Bord sásta faoin leibhéal ard comhlíonta ag na tiarnaí talún is údar imní fós go bhfuil an lón iarratas atá seolta ar ais nach bhfuil comhlánaithe go fóill ard ag 31%. De ghnáth curfear iarratais ar ais nach bhfuil comhlánaithe má tá an uimhir PPS ar iaraidh nó neamhbhailí, nó go bhfuil an tálle mícheart curtha leis, go bhfuil síniú an tiarna talún nó an tionónta ar iaraidh, nó mura bhfuil an dáta tosaithe tionóntachta curtha isteach. larrann an Bord arís eile ar thiarnaí talún agus ar a ngníomhairí a bheith níos cúramaí agus iad ag comhlánú na Foirme Cláraithe PRTB1.

### Staitisticí Clárúcháin mar a bhí an 31 Nollaig 2007

Lón na dtionóntachtaí a cláraíodh	202,078
Lón na dtiarnaí talún	92,311
Lón na dtionóntaí	340,223
Meánlíon iarratas a fhaightear go laethúil	338
Meánlíon iarratas a fhaightear a bhíonn comhlánaithe	233 (69%)
Meánlíon iarratas a chuirtear ar ais go laethúil nach mbíonn comhlánaithe	105 (31%)
Meánlíon nuashonraithe a fhaightear go laethúil	19

### Forfheidhmiú éileamh clárúcháin agus plean gníomhaíochta ar neamhchomhlíonadh

De réir an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, tá cumhachtaí ag an PRTB maidir leis an gceangaltais clárúchán tionóntachtaí a fhorfheidhmiú. Fiosraíonn an PRTB an scéal maidir le faisnéis a fhaightear ar thionóntachtaí, nach bhfuil cláraithe leis an PRTB. Tagann an fhasnéis sin as roinnt foinsí, lena n-áirítear, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, údarás áitiúla, ionadaithe poiblí, baill an phobail, cumainn tionóntachtaí agus ó thionóntaí a atreoraíonn díospódí chuig an PRTB nó a théann i dteagmháil leis an PRTB ar chúis eile.

Ní bhaineann an tAcht, agus mar sin an t-éileamh clárúcháin leis na nithe a leanas:

- Áitreabh gnó, fiú agus iad go páirteach mar áitreabh cónaithe, lena mbaineann Alt 13(a) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí 1980;
- Teaghais lena mbaineann Cuid II d'Acht na dTithe (Teaghaisí Príobhaideacha ar Cíos) 1982 (.i. teaghais a bhí faoi rialú cíosa roimh ré agus a bhí átithe ag an “mbuntionóna” nó an céile leis/léi) nó lena mbaineann Alt 13(b) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí 1980 (.i. tionóntachtaí léas cothromais ar áitiú fada);
- Teaghais a ligeadh ar cíos mar thithíocht shóisialta ag Údarás Áitiúil nó d’údarás áitiúil nó údarás poiblí nó comhlacht dheonach titíochta eile;
- Teaghais átithe ag an úinéir faoi léas nó faoi léasa comhúinéireachta;
- Teach saoire ar cíos;
- Teaghais ina bhfuil cónaí ar an tiarna talún freisin ann;
- Teaghais ina bhfuil cónaí ar chéile, ar thuismitheoir nó ar leanbh leis an tiarna talún



agus nil aon léas scríofa nó comhaontú  
tionóntachta ann; agus

- Teaghais atá áitithe saor ó chíos.


Má tá teaghais ar fáil ar cíos ach gan é ligthe fós,ní  
gá clárú.

Tá na gníomhartha a dhéanann an PRTB chun  
comhlíonadh an cheangaltais clárúcháin a thabhairt  
ar aghaidh déanta de réir fhorálacha an Acharta um  
Thionónachtáí Cónaithe 2004, ailt 144 agus 145 go  
háirithe. Áirítear leo eisiúint fógraí ar thiarnaí talún  
agus/nó ar áitritheoirí na dteaghaisí atá i gceist, agus  
ionchúiseamh na gciontóirí nach gcloíonn leis an  
gceangaltais clárúcháin. Go dtí seo fuair an Rannóg  
Forfheidhmithe breis agus 6,000 (beagnach 1900 in  
2007) atreorú. Seirbheáladh breis agus 6,800 (2000  
in 2007) fógra forfheidhmithe ar thiarnaí talún  
agus/nó ar áitritheoirí.

#### Líon na nAtreoruithe a Fuarthas



Líon na bhFógraí Forfheidhmithe a Eisíodh



Bhí roinnt litreacha rabhaidh deiridh eisithe ag aturnaetha PRTB, a lean na fógraí a rinneadh agus a seirbheáladh ag an PRTB ar thiarnaí talún. Ba léir go raibh na litreacha rabhaidh deiridh an-éifeachtach de bhrí go ndeachaigh mórán tiarnaí talún i dteagmháil leis an PRTB agus chláraigh a dtionónachtáil ina dhiaidh sin. Laghdaigh sin go suntasach líon na gcásanna a d'fhéadfá a ionchúiseamh.

### Clár Foilsithe

Foilsíonn an PRTB an clár tionántachaí dhá uair sa bhliain, tá sin bunaithe ar na mionsonraí clárúcháin a chuireann na tiarnaí talún isteach. Tá an clár foilsithe ar fáil ar láithreán gréasáin an PRTB, [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie).

Níl aon fhaisnéis sa chlár a thabharfadhl e fios cé hé an tiarna talún/tiarnaí talún nó tionóna/tionónaí na teaghaise, nó an méid cíosa atá iníoctha faoi tionántacht na teaghaise.

### Clár d'Údaráis Áitiúla

I mí Bealtaine agus mí na Nollag 2007, chuir an PRTB faisnéis ar fáil as an gclár tionántachta do gach údarás áitiúil, ar bhonn ceantar feidhme, a bhí riachtanach go leor i leith fheidhmeanna an údaráis a chur i gcrích maidir le forfheidhmiú na gcaighdeán

agus rialúcháin leabhair chíosa i dtithe, i dteaghaisí nó i struchtúir eile.

### Maoiniú chuig Údaráis Áitiúla

De réir na bhforálacha san Acht um Thionóntachtai Cónaithe 2004, tugadh maoiniú d'Údaráis Áitiúla i leith a gcuid oibre maidir le caighdeán a fhorfheidhmiú. Bhí an dáileadh bunaithe ar líon tionántachaí cláraithe faoi 31 Nollaig 2006 (50%) agus líon na gcigireachtaí a rinneadh i ngach ceantar titheochta (50%). Is é an tsuim iomlán maoinithe a íocadh le húdaráis áitiúla sa bhliain 2007 ná €2,527,406. Rinneadh an íocaíocht in dhá thráthchuid, €1,016,649 i mí lúil 2007 agus ba é sin an dara tráinse de leithdháileadh 2006. Ba é an chéad tráinse de leithdháileadh 2007 an tsuim €1,510,758 a íocadh i mí Dheireadh Fómhair 2007.

### Forim Athbhreithnithe do Chlárúchán Tionántachta

Le linn 2007, chuaigh an PRTB i gcomhairle le triúr de na Mór-Ghníomhairí Eastáit a raibh sé mar aidhm aige an fhoirm clárúchán tionántachta a fheabhsú agus minicíocht na n-iarratas nach bhfuil comhlánaithe a laghdú. Mar thoradh air sin táirgeadh forim athbhreithnithe in 2007.

## Seirbhís Réiteach Díospóide

In ionad na gcúirteanna, tá seirbhís réiteach díospóide an PRTB ann anois maidir le formhór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionónátaí. Oibríonn an Bord próiseas dhá chéim do réiteach díospóide. (Féach sreabhchairt mhínitheach in Agusín 1). Is éard atá sa chéad chéim ná idirghabháil, má roghnaonn an dá pháirtí í sin, nó breithniú. Tá an idirghabháil agus breithniú rúnda do na páritithe. Níl cead ag tiarnaí talún neamhchláraithe faoin Acht iarratas a dhéanamh ar réiteach díospóide ach tá cead ag a dtionónátaí. Tá tiarnaí talún i dteideal freagairt iomlán a thabhairt ar iarratas tionónáta, áfach, ag éisteacht díospóidí agus a saincheisteanna féin a bhaineann leis an gcás a thógáil. Faoi Alt 97 den Acht, féadann breithneoir fiosrúchán iomlán a dhéanamh ar gach gné a bhaineann leis an díospóidí i gceist agus faisnéis a thabhairt do gach páirtí, agus a fháil ó gach paistí mar is cuí sula ndéanfar cinneadh ar an gcás. Ar an lámh eile, áfach, éascóidh idirghabhálaí an dá pháirtí chun teacht ar réiteach eatarthu féin ag éisteacht idirghabhála. Tá an ceart chun a gcás a achomharc ag an dá pháirtí ag éisteacht phoiblí Binse dara céim, mura mbeidh an t-ábhar réitithe ag céim 1. D'fhéadfadh an Bord roinnt cásanna a chur ar aghaidh díreach chuig Binse i gcúinsí áirithe.

### Ceapachán Painéis Idirghabhálaithe agus Breithneoirí

Ceapann an PRTB breithneoirí agus idirghabhálaithe neamhspleácha chun díospóidí tionónachta a réiteach. De bhrí go raibh an chéad phainéal le dul as feidhm i mí na Nollag 2007, rinne an Bord machnamh ar an nós imeachta roghnúcháin don chéad phainéal eile go luath sa bhliain 2007. Cheap


an Bord coiste chun athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar phleananna chun baill ar phainéil breithneoirí agus idirghabhálaithe a earcú, a mheas agus a thraenáil sa bhliain 2007. Gearriostáladh iarratais a fuathas agus rinneadh measúnú leabhair oscailte chun eolas na n-iarrthóirí ar an Acht um Thionónachtaí Cónaithe 2004 a dheimhniú.

Rinneadh agallaimh ingrúpaí a d'éascaigh an Foras Rialacháin Phoiblí agus cuireadh le chéile painéal nua de 65 breithneoir agus 12 idirghabhálaí i mí na Nollag 2007. Íocatar táille laethúil ar ráta comhréidh do gach cás a éisteann siad sa lá le breithneoirí agus idirghabhálaithe agus tá siad faoi réir Cód lompraíochta Gnó.

### Staitisíci ar Réiteach Díospóide

Le linn 2007, fuair an PRTB beagnach 1,500 iarratas ar réiteach díospóide. Bhí méadú de bheagnach 200 iarratas (15%) sa bhliain 2007 ar an lón a fuarthas in 2006. Bhain 52% de na cásanna a fuarthas in 2007 le ceantar Bhaile Átha Cliath agus 48% de na cásanna leis an gcuid eile den tír. Sa bhliain 2007 ar an meán, fuarthas 29 n-iarratas díospóide ar bhonn seachtainiúil.

Cásanna Díospóide de réir Réigiún - 2007




- An Chuid Eile den Tír 48%
- Baile Átha Cliath 52%

Foilsíonn an Bord faisnéis freisin maidir le cearta tiarnaí talún agus tionónáí agus freagrachtaí de réir an Acharta ar a láithreán gréasáin, chun cuidiú le páirtithe chun a ndíospóid a réiteach gan leas a bhaint as an tseirbhís fhoirmeálta réiteach díospóide. Beidh fócas leanúnach sna blianta romhainn ar oideachas a chur ar thiarnaí talún agus ar thionónáí maidir le dea-chleachtas chun go bhféadfar díospóidí a sheachaint sa chéad dul síos.

#### Na Cineálacha Cásanna a Fuarthas

Mar a gcéanna le 2006, in 2007 d'atreoraigh an tionónáí beagnach 66% de na cásanna, 29% a d'atreoraigh an tiarna talún agus tríú páirtithe a d'atreoraigh an fuílleach.


Cásanna Díospóide de réir Catagóire - 2007



- Tiarna Talún 29%
- Tionónáí 66%
- Tríú Páirtí 5%

Tá achoimre déanta ar na catagóirí is coitianta de chásanna díospóide a chuir tiarnaí talún agus tionónáí isteach sa chairt a leanas.

Cásanna Díospóide atreoraithe ag Tionónthaí & Tiarnaí Talún 2007



- Gach sárú nó sárú eile ar oibleagáidí 10%
- Baillocht Fógra / eile 21%
- Caighdeán, cothabháil na teaghaise 5%
- Rósheilbh 5%
- Riaráiste cíosa (/sárú eile ar oibleagáidí) 19%
- Coinneál Éarlaise 35%
- Dísheatbhú Mídheathach 3%
- Athbhreithniú cíosa 2%


Mar is léir, ar an dá chatagóir cásanna is mó tá gearán faoi choinneáil éarlaise (35%) ag tionónthaí agus gearáin faoi riaráiste cíosa (19%) ag tiarnaí talún. Pléifear na saincheisteanna níos cruinne thíos.

#### Cásanna Coinneála Éarlaise

Is é an chatagóir is mó cásanna (35%) ar bhonn leanúnach ná gearáin faoi choinneáil éarlaise a chuirtear faoi bhráid an PRTB le haghaidh réitigh.

Is é sin breis agus 52% de na cásanna tionóntachta le linn 2007.

Cásanna Tionónthaí 2007 agus sin amháin de réir catagóire




- Éarlais coinneáil 52%
- Sárú ar Oibleagáidí tiarna talún 9%
- Fógra Neamhbhailí 18%
- Fógraí Neamhbhailí/ Saincheisteanna eile 10%
- Dísheatbhú mídhleathach 5%
- Athbhreithniú Cíosa 2%
- Caighdeán Teaghaise 5%

II 74% de chásanna den chineál sin le linn 2007, cinneadh gur chóir do thiarnaí talún cuid den éarlais nó ant-iomlán den éarlais a choinnigh siad a aisíoc leis an tionóntha. Threisigh an PRTB arís agus arís eile gur leis na tionónthaí na héarlaí sí ní leis na tiarnaí talún iad agus is gá iad a thabhairt ar ais do na tionónthaí go tráthúil. Níor chóir éarlaisí a choinneáil,

go hiomlán nó go páirteach, ach i gcúinsí agus ar chaoi atá ag teacht leis an Acht um Thionóntachtáí Cónaithe 2004. Níor chóir éarlaisí a úsáid ach amháin chun riaráiste cíosa a għlanadh más ann dóibh i ndiaidh don tjonóntachta a fhoirceannadh nó chun costas damáiste déanta ag an tionónta ar an teaghais a għlanadh nach gnáth-chaitheamh agus cuimilt é. Moltar do thiarnaí talún cigireacht a dhéanamh ar an teaghais roimh imeacht don tionónta le gur féidir ceist ar bith maidir le damáiste a réiteach.

Cásanna Coinneála Éarlaisí a bhí Comhlánaithe in 2007



- Aisíocaioth iomlán don Tionónta 27%
- Aisíocaioth i bpáirt don Tionónta 48%
- Coinnithe ag an Tiarna talún 25%


Is údar imní é don PRTB na hiarmhaġti tromchūiseacha do thionóntaí, go háirithe iad siúd ar ioncam íseal, mura dtugann tiarnaí talún éarlaisí ar ais agus is féidir go gcuirfi leis an lín daoine gan dídean dá bharr. Cuireann cásanna coinneála éarlaisí

le hualach oibre an PRTB. Má thugann tiarnaí talún éarlaisí ar ais go tráthúil, bheadh acmhainn suntasacha an PRTB saor chun catagóirí eile cásanna a chur chun cinn.

#### Riaráiste Cíosa agus Cásann Rósheilbh

Ba iad na cásanna díospóide, go hiomlán nó go páirteach, a bhaineann le riaráiste cíosa ag tjonóntaí an dara catagóir is mó de na cásanna a cuireadh faoi bhráid an PRTB le linn 2007 agus an chatagóir is mó de chásanna a chuir tiarnaí talún isteach (62%). Féach an chaitiethíos.

**2007 Cásanna Thiarnaí Talún agus sin amháin de réir Catagóire**



- Sárū ar Oibleagáidí tionónta /Saincheisteanna Eile 15%
- Bailiċċ Fógra Foirceanta/Ceisteanna Eile 5%
- Rósheilbh agus sin amháin 17%
- Riaráiste Cíosa agus sin amháin 29%
- Riaráiste Cíosa/Rósheilbh 17%
- Riaráiste Cíosa/Sárū ar Oibleagáidí Tionónta 17%

Éilítear ar thionónáí faoin Acht a gcíos a íoc ina ionmláine agus go tráthúil, fiú mar a bhíonn díospóidí idir lámha lena dtiarna talún. Is eol don PRTB go bhféadfadh roinnt tionónáí meicníocht réiteach díospóide an PRTB a mhí-úsáid chun fanacht ina dteaghais gan cíos a íoc, le linn dá gcás dul tríd an bpróiseas leis an PRTB. Chuir an meathlú i margadh maoine agus méadú ar rátaí ús morgáiste an-bhrú ar thiarnaí talún, go háirthe iad siúd a cheannaigh an dara maoín ar mhaithe le pinsean, agus níl sé inghlactha do thionónáí a gcearta dlíthiúla a mhí-úsáid gan a gcíos a íoc. Déanfaidh Foccoiste Reachtáiochta an Bhoird machnamh ar cé acu a bheidh gá le leis an Acht a leasú nó nach mbeidh chun dul i ngleic leis an gceist. Idir an dá linn, leanfaidh an PRTB ag tabhairt tionónáí os comhair na gcúirteanna más gá chun riaráiste cíosa a fhochtútiú mura gcomhlíonfar a Orduithe Cinnidh ina n-ionmláine.

### **Moill ar Phróiseáil Cássanna Díospóide**

Is amhlaidh a d'éirigh sé níos soiléire le linn 2007 nach raibh go leor foirne ag an PRTB mar gheall ar na leibhéal neamhthuartha clárúchán, iarratais díospóide agus líon ard ceisteanna teileafóin a fuair an ghníomhaireacht ó bunaíodh í in 2004. Mar thoradh air sin, ar an drochuair, bhí méadú ar riaráistí agus amanna próiseála cássanna díospóide le linn 2007. D'íarr an PRTB cead ón Róinn Airgeadais chun tuilleadh foirne a earcú go luath sa bhliain 2008, agus dá thairbhe sin thosaigh 14 bhall foirne nua an PRTB sa dara leath de 2008. Ina dhiaidh sin sannadh cuid den fhoireann do réimse na nDíospóidí chun amanna próiseála cássanna a laghdú. Ba chóir tabhairt ar aird go raibh próiseas i gcónaí in áit ag an PRTB do chásanna díospóidí tromchúiseacha a bhogadh go mear chuig breithiúnas nó i roinnt

Year	Cases
2005	~90
2006	~387
2007	~400
2008	~350

### **Orduithe Cinnidh**

Faoi dheireadh na bliana 2007 bhí orduithe cinnidh ceangailteacha deiridh eisithe ag an PRTB maidir le 886 cás (99 in 2005, 387 in 2006 agus 400 in 2007), tá mionsonraí foilsithe ar an láithreán gréasán – ní fhoilsíonn an PRTB orduithe cinnidh a léiríonn comhaontuithe bainte amach trí idirghabháil cé go bhfoilsíonn sé orduithe a léiríonn comhaontuithe bainte amach idir na páirtithe i mbreithiúnas agus i mBinsí.

### **Cás-Staidéir Réiteach Díospóide**

Airítear ar na cineálacha cássanna díospóide a cuireadh ar aghaidh chuig an PRTB go dtí seo coinneáil éarlaise, díshealbhú neamhdhleathach, Fógraí Foirceanta neamhbhaillí, rósheilbh, riaráiste cíosa, sáruthe eile ar oibleagáidí tionóná, sáruthe oibleagáidí tiarnaí talún, agus iompraíocht fhrithshóisialta atá curtha ar aghaidh ag an tríú páirtí. Thíos faoi tá achoimre tugtha ar roinnt cássanna réiteach díospóide a raibh cinntí déanta orthu in 2007.

### **Cás a hAon – Foirceannadh Neamhdhleathach Tionóntachtá**

Chuir tionóná iarratas réiteach díospóide faoi bhráid an PRTB an 30 Líil 2007 ag cur i leith go ndearnadh foirceannadh neamhdhleathach ar a thionóntacht ag a thiarna talún. Cuireadh túis le héisteacht Binse an 20 Lúnasa 2007 agus éisteadh fianaise ón iarratasóir, an tionóná agus ón tiarna talún, an freagróir.

Mháigh an tionóna go ndeachaigh sé ina chónaí sa teaghais an chéadúair lena chéile agus deirfiúr léi. D'fhág a chéile agus a deirfiúr an teaghais áfach agus d'fholig an tionóna seomraí chun cabhrú leis an cíos a íoc. Chuir an tionóna in iúl don tiarna talún go raibh sé chun é sin a dhéanamh, bhí an tiarna talún míshásta leis an socrú sin, áfach. An 26 Iúil 2007, tháinig an tionóna ar ais chuig an teaghais agus fuair sé amach gur athraíodh na glais agus go raibh a ghiuirléidí tóghtha amach as an teaghais agus iad ar an bhfaiche tosaigh. B'éigean don tionóna codladh amuigh ar feadh roinnt laethanta agus faoi dheireadh fuarthas áit i mbrú dó. Mhaígh an tionóna nár tugadh fógra foircanta bailí dó, gur dishealbháiodh é go neamhdhleathach agus gur coinníodh a éarlais. Thug comharsa béal dorais fianaise ar son an tionóna chomh maith.

Chuir an tiarna talún ina leith ina fhianaise gur bhagair an tionóna é. Ina theannta sin dúirt sé gur thug sé cuid den éarlais ar ais do na fo-thionónaí a raibh seomraí eile acu. Níor choinnigh an tiarna talún leabhar cíosa agus bhí an comhaontú cíosa imithe amú air.

I ndiaidh fianaise a éisteacht ón dá thaobh, shocraigh an Chúirt:

- Gur dishealbháiodh an tionóna go neamhdhleathach óna bhaile. Bhí an tionóna i dteideal damáistí ar luach €3,500 de bhun Alt 115 (2) (d) den Acht chomh maith le €2,000 ar son earraí caillte agus iarmhéid na héarlaise €470.

Fuair an tionóna suim de €5,970 óna iar-thiarna talún mar lán-socrú deiridh ar a iarratas.

### Cás a Dó – Coinneáil Éarlaise

Chuir an tionóna (an t-iarratasóir) iarratas díospóide isteach ar mhaithe le haisíoc €1,200 a héarlaise óna hiarthiarna talún. Ag éisteacht an bhreithiúnais dúirt an tionóna go ndearna an gníomhaire ligín cigireacht ar an sealúchas agus gur ghlac an gníomhaire grianghraif le fógraíocht a dhéanamh le haghaidh tionónaí ionchásacha seachtain amháin sular fhág sí. Dúirt an gníomhaire go raibh staid iontach ar an árasán agus rinne an gníomhaire teagmháil leis an tiarna talún chun an éarlais a thabhairt ar ais don tionóna laistigh de thrí lá. Tar éis seacht lá rinne an tionóna teagmháil le gníomhaire an tiarna talún ag fiosrú faoin éarlais mar nach bhfuair sí go fóill í. Gheall an gníomhaire go bhfiosrófaí é sin. Seacht lá níos moille, rinne an tionóna teagmháil arís le gníomhaire an tiarna talún agus ansin cuireadh in iúl di go raibh an tiarna talún ag coinneáil na héarlaise mar go ndearnadh damáiste don tolg agus go raibh na cuirtíni ar iarraidh ón seomra leapa.

Líomhain an tiarna talún (an freagróir) nach bhféadfaí an tolg a dheisiú agus nach bhféadfadh sé teacht ar na cuirtíni. Dúirt an tiarna talún go raibh iontas air nár aithin an gníomhaire go raibh na cuirtíni ar iarraidh agus go ndearnadh damáiste don tolg ach bhí oibleagáid air a athsholáthar áfach sula n-athligfeadh sé an teaghais ar cíos. Mheas an tiarna talún go raibh costas de €1,085 orthu seo.

Tar éis staidéar a dhéanamh ar na cáipéisí ábhartha ar chomhad agus tar éis an fianaise a éisteacht chinn an breithneoir go n-aisíofadh an tiarna talún (an freagróir) éarlais de €1,200 leis an tionóna (an t-iarratasóir).



### Cás a Trí – Fógra Foirceanta Neamhbhailí

Chuir an tionóna (an t-iarratasóir) iarratas díospóid isteach ag ceistiú bailóocht fógra foirceanta tugtha ar phreasanta féin. Bhí an tionóna ag líomhaint gur shárú ar oibleagáidí an tiarna talún a bhí ann freisin.

Ag éisteacht an bhreithiúnais, líomhain an tionóna gurbh é an fáth ar thug an tiarna talún fógra foirceanta dó ná go ndearna sé gearán faoin torann ó na seomraí eile sa teaghais. Chuir an torann seo isteach ar chodladh an tionóna agus de réir dealraimh bhí a shláinte thíos leis. Mar sin de, mhaigh an tionóna nach raibh an fógra foirceanta bailí.

Mhaigh an tiarna talún go raibh an teaghais de dhíth air ar mhaithe le húsáid a theaghlach féin. Bhí an tiarna talún ina chónaí thar sáile le tamall maith anuas agus bheadh sé ag teacht ar ais go dtí an teaghais a bhí ar cíos.

Chuala an Breithneoir fianaise ó gach taobh agus cinneadh:

- Go raibh an fógra foirceanta a tugadh bailí.
- Níor sháraigh an tiarna talún, an freagróir, ar a chuid oibleagáidí maidir leis an teaghais.

Ba chóir don iarratasóir an teaghais a fhágáil.

### Cás a Ceathair – Rósheilbh/Riaráistí Cíosa

Chuir tiarna talún cláraithe iarratas isteach ag líomhaint go raibh riaráistí cíosa ag a (an freagróir) thionóna agus go raibh sé ag diúltú an teaghais a fhágáil.

Ag éisteacht an bhreithiúnais mhaigh an tiarna talún gur tugadh leabhar cíosa don tionóna agus líomhain

sé gur athraigh an tionóna iontrálacha sa leabhar.

Thug an tiarna talún fianaise faoi na riaráistí carnacha cíosa de bheagnach €7,000. Thug an tiarna talún fianaise ghrianghrafadóireachta ar sháruithe eile oiléagáidí an tionóna maidir le cúram agus cothú an tsealúchais.

Ní raibh cosaint ar bith tugtha ag an tionóna nó thar ceann an tionóna nár fhreastail ar éisteacht an bhreithiúnais.

Tar éis staidéar a dhéanamh ar na cáipéisí ábhartha ar chomhad agus tar éis na fianaise a éisteacht chinn an breithneoir:

- Go raibh an fógra foirceanta a tugadh bailí.
- Go raibh an (freagróir) tionóna faoi dhileanas na riaráistí cíosa go léir a carnadh ó céadsáraíodh ar an aontú tionóntachta go dtí dáta na héisteachta a íoc.
- Tá an tiarna talún, an t-iarratasóir, i dteideal sheilbh an tsealúchais tar éis fógra bailí foirceanta a thabhairt.

Tugadh tuarascáil an bhreithneora don dá pháirtí. Chuir an tionóna achomharc isteach, laistigh den tréimhse reachtúil 21 lá, ag maíomh nár tugadh fógra na díospóide dó. Ag binse tionóntachta cinneadh ina dhiadh sin:

- Go raibh an fógra foirceanta bailí agus nár mhór don tionóna an teaghais a fhágáil.
- Go raibh an tionóna, an t-achomharcóir, faoi dhileanas riaráistí cíosa a íoc go dtí go bhfágfadh sé an teaghais.

Eisíodh Ordú Cinnidh PRTB don dá pháirtí ach níor chomhlíon an tionóna an tOrdú. Lean an PRTB ar

aghaidh a Ordú a fhorfheidhmiú os comhair na gcúirteanna agus d'fhág an tionóna an teaghais roimh an éisteacht cúirte.


#### **Díospóidí – Forfheidhmiú**

Tugann Ailt 9 agus 126 den Acht um Thionóntachtáí Cónaithe 2004 cumhacht don Bhord tú a chur le hionchúiseamh poiblí sa Chúirt Dúiche in éadan páirtí a dteipeann orthu ceann amháin nó níos mó téarmaí d'Ordú Cinnidh curtha arna fheidhmiú ag an PRTB a chomhlíonadh. Ceadaíonn Alt 124 den Acht tú a chur le caingean sibhialta sa Chúirt Chuarda chun Ordú a fháil a chuireann iallach ar an bpáirtí a neamhchomhlíonann téarmaí an Ordaithe Cinnidh a chomhlíonadh.

Nuair a chuirtear in iúl go raibh teip ar chomhlíonadh Ordaithe Cruinnidh, is é beartas an PRTB, i bhformhór na gcásanna seo, ionchúiseamh poiblí a iarraidh in éadan an pháirtí neamhchomhlíonta agus cuspóir aige féidearthacht an chomhlíonta a uasmhéadú sula meastar go mbeidh caingean Cúirte riachtanach. I gcásanna ina mbíonn rósheilbh ar shealúchas áfach, is é beartas an Bhoird sa chéad dul síos, tú a chur le caingean sibhialta, agus aidhm aige seilbh għlan don tiarna talún a bhaint amach a luaiithe agus is féidir agus as sin amach (más cuí é) tú a chur le hionchúiseamh coiriúil do chion an neamhchomhlíonta.

San iomlán dhéileáil an Rannóg Forfheidhmithe le 189 cás agus tugtar achoimre ar stádas na gcásanna seo sa chait ar an gcéad leathanach eile.

Stádas na gCásanna Forfheidhmithe ar déileáladh leo  
in 2007 @ 31/12/07



**Nótaí:**


S.124: a thagraíonn do chaingean sibhialta sa Chúirt Chuarda

S.126: a thagraíonn d'ionchúisimh choiriúla sa Chúirt Dúiche.

Nach bhfuil ag dul ar aghaidh: Ar na cásanna sin mar shampla, nuair nach raibh páirtí, a bhí ag iarraidh forfheidhmiú, toilteanach fianaise a thabhairt sa Chúirt nó nuair nach rabhthas in ann teacht ar pháirtí.

Sárú teorainn ama reachtúil – Forchuireann an tAcht um Thionónachtáí Cónaithe 2004 teorainn ama de 1 bliain ó dáta na chéad choire, laistigh den seal ama sin is féidir páirtí a ionchúiseamh as neamhchomhlónadh Ordaithe Cinnidh

Miondealú % (an bhliain) den Forfheidhmiú Cásanna ar déileáladh leo in 2007



Tugtar achoimre ar stádas na gcásanna forfheidhmithe díospóidí ar déileáladh leo in 2007 sa tábla thíos:

	<b>Tugtha anonn 2005</b>	<b>2006 tugtha anonn 2007</b>	<b>2007</b>	<b>2005/ 2006/ 2007</b>
Á bpróiseáil	0	5	38	43
Sáraíodh teorainn ama reachtúil	1	16	3	20
Nach bhfuil ag dul ar aghaidh	0	6	3	9
S. 126 lonchúisimh Choiríula á bpróiseáil ag Aturnae	1	5	16	22
S. 124 Caingean Sibhialta á bpróiseáil ag Aturnae	0	1	2	3
Achomhairc Uas-Chúirte/Athbhreithniú breithiúnach	0	2	0	2
S. 126 Ciontuithe i gCúirt	0	18	2	20
S. 124 Cumhdaithe i gCúirt	1	4	1	6
Socraithe lasmuigh den Chúirt	2	26	36	64
Cásanna san ionlán ar déileáladh leo in 2007	5	83	101	189

## Faisnéis agus Taighde

Chomh maith le príomhfheidhmeanna chlárúchán tionóntachta agus réiteach díospóide, tugann an PRTB faisnéis, taighde agus comhairle beartais maidir leis an earnáil cíosa phríobháideach. Leis an ról seo a dhéanamh rinne an Bord aontú compháirtíochta leis an ionad um Thaighde Tithíochta (CHR) Choi misiúnaigh an tlonad (thar ceann an PRTB) comhairleoirí Candy Murphy & Associates chun dhá athbhreithníu litríochta comparáidí a dhéanamh (ar choinneáil éarlaise agus an ceann eile ar iompraíocht fhrithshóisialta) chun scrúdú a dhéanamh ar an mbealach a mbainistíonn dlínsí eile ina bhfuil earnáil tithíochta cíosa phríobháideach atá chomh mór céanna na saincheisteanna seo. Rinneadh an dá thuarascáil go luath in 2007 agus foilsíodh mar pháipéir chomhairleacha iad. I mí lúil 2007 chuir an CHR failte roimh aighneachtaí i scríbhinn ar an dá thopac ó pháirtithe leasmhara ag tabhairt seal trí mhí ar mhaith le tuairimí. Rinne Candy Murphy & Associates an tuarascáil dheireanach i mí na Nollag 2007 agus tuairisceofar ar na mionsonraí in 2008.

### Scoláireacht larchéime

Tugann clár Scoláireacht an Bhóird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) maoiniú do chéim mháistreacha nó dhochtúireachta trí taighde agus arb aidhm dó eolas ar an earnáil tithíochta cónaithe phríobháideach a fhorbairt. Is é €15,000 sa bhliain ar feadh 3 bliana, luach na scoláireachta ar a mhéad agus táillí coláiste san áireamh. Bronnadh Scoláireacht i mí Eanáir 2007 do thaighde ar “Housing New Immigrant Communities in the Irish Private Rented Sector: Access, Choice and Integration”. Tá an taighde seo á dhéanamh faoi stiúir an Dr Michelle Norris ó UCD.

### Feabhsuithe ar Láithreán Gréasáin PRTB

Tugann láithreán gréasáin an PRTB [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie) faisnéis chruinn agus phraiticiúil do thiarnaí talún agus tionóntaí. I measc an eolais bhereise ar an láithreán gréasáin in 2007 tá faisnéis ar na hábhair seo a leanas:

Léasanna agus Ceadúnais

Cuid 4 Tionóntacht Nuashonraithe

Caitheamh agus Cuimilt maidir le Troscán

Foirceannadh Tionóntachtaí ar Théarma Seasta

# Riarachán

## Foireann

Tá gach uile ghné den fhoireann, gráid na fairne, an líon daoine i ngach grád, leibhéal an luach saothair do gach grád, agus na téarmaí agus coinníollacha fostáochta san áireamh faoi réir chomhthoiliú an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Aire Airgeadais araon. Ligeann Alt 167 d'Acht 2004 don Aire seirbhísí a sholáthar don Bhord, seirbhísí na fairne san áireamh. De réir an Ailt seo bhí oifigigh Roinne go príomha san fhoireann i gcomhcheangal tascanna foirmiúla, agus oibrithe ar iasacht nó sealadach.

Ag cloí le haistriú go hoibríocht neamhspleách bhí comórtais oscailte ann i mí na Bealtaine 2007 chun na folúntais d'Oifigeach Cléireachais agus do Riarthóir IT a lónadh. Bhí comórtas srianta ann i mí an Mheithimh chun folúntais d'Oifigigh Fheidhmeannacha a lónadh.

Le linn na bliana lean an Bord air ag úsáid seirbhísí oibrithe gníomhaireseachta le tabhairt faoi dhualgais ar leith maidir leis an gcóras clárúcháin go príomha. Lean Comhairle Átha Cliath le 2 oibrí a phostóir ar iasachta le linn 2007 agus ó shin leathnaíodh tréimhse iasachta a thuilleadh go dtí tréimhse 12 mhí.

Ag deireadh mhí na Nollag 2007 bhí 26 oibrí buan ann. Iarradh cead agus thug an Roinn Airgeadais cead le haghaidh 14 oibrí sa bhears go luath in 2008. Cuirfidh na hoibrithe breise ar chumas an PRTB caighdeán níos fearr seirbhísí a sholáthar go ginearálta.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Cóinnítear leas oibrithe an PRTB slán trí chloí le caighdeán sláinte agus sábháilteachta. Cuireann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 coiníollacha ar leith ar phostóirí agus ar an PRTB, agus san idirchréimhse idir athrú agus staid neamhspleách, comhlíonadh na coinníollacha sin de réir Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a Mháthair-Roinne, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Amach anseo beidh an PRTB ag cumadh a Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta féin in 2009.

## Airgeadas

Tá slocht as Ráitis Airgeadais iniúchta 2007 an Bhoird sna hagusíní leis an tuarascáil seo.

## Cosaint Sonraí

Faoi réir Achtanna um Chosaint Sonraí tá ceart ag duine cóip a fháil dá s(h)onraí pearsanta féin.

Ba chóir iarratas rochtana ar ábhair a dhéanamh i scríbhinn i bhfoirm litreach, agus síniú le cóip de cháipéis aitheantaí reatha leis m.sh. ceadúnas tiomána nó pas. Ní ghearrann an PRTB táille ar iarratas rochtana ar ábhar faoi láthair ach tá ceart ar cosaint againn táille nach mó ná €6.35 a ghearradh. Freagróidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha d'iarratas laistigh de 40 lá féilire.

Faoi Achtanna um Chosaint Sonraí tá ceart ag duine chun a s(h)onraí pearsanta a cheartú má tá siad míchruinn, nó a scriosadh mura bhfuil fáth dlísteanaach ann na sonraí a choinneáil. Ba chóir iarratas i scríbhinn don athrú nó don scrios a

sheoladh i bhfoirm litreach, agus sínithe le cóip de cháipéis aitheantaí reatha leis m.sh. ceadúnas tiomána nó pas. Ní ghearrtar táille ar a leithéid seo d'iaratas.


### Tairiscintí Iarrtha & Tugtha

De réir riachtanas soláthair bhí tairiscintí iarrtha agus ceadaithe ag an mBord do roinnt eochairsheirbhísí in 2007 a dtugtar achoimre orthu thíos:

- Seirbhísí Luathscríbhneoireachta – Tugadh an conradh le haghaidh soláthar seirbhísí luathscríbhneoireachta do Gwen Malone Company.
- Seirbhísí IT – Tugadh an conradh chun seirbhísí IT a sholáthar do Calyx.
- Dearadh & Cló – Tugadh an conradh do sheirbhísí dearaidh & cló do Catalysto.
- Seirbhísí Ailtireachta agus Bainistíocht Tionscadal – Tugadh an tairiscint d'fheistiú Theach Dhroichead Uí Chonaill (Oifigí nua an PRTB) do Brian Hogan Architects. Tugadh conradh do Brian Hogan Architects chun tairiscintí éagsúla amhail Innealtóir Comhairleach Seirbhísí Tógála, Tógálaíthe, Spiaraí agus Doirse, Seirbhísí Meicniúla agus Seirbhísí Leictreacha a mhionscrúdú agus a thabhairt.

# Aguisíní

## Aguisín 1 Próiseas Réiteach Diospóide





Aguisín 1  
Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

Clár

Tuarascáil An Ard-Reachtaire Cuntas Agus Ciste	32
Ráiteas Ar Fhreagrachtaí An Bhoird	34
Ráiteas Ar Rialuithe Airgeadais Inmheánaigh	35
Ráiteas Ar Bheartais Chuntasaíochta	37
Cuntas Ioncaim & Caiteachais	39
Clár Comhardaithe	40
Ráiteas Ar Shreabhadh Airgid Tirim	41
Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais	42

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2007 faoi réir an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.

Tá Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Sreabhadh Airgid Tirim agus nótáí gaolmhara sna ráitis airgeadais a bhí ullmhaithe faoi bheartais chuntasaíochta leagtha amach ansin.

### Freagrachtaí ar leith an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Bord freagrach as ullmhú ráiteas airgeadais de réir an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus as rialtacht idirbheart a chinntí. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Cuntasíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasíochta Bhaill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é mo fhreagracht na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir coinníollacha gaolmhara dleathacha agus rialaitheacha agus Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire).

Cuirim mo thuairim in iúl má mheasaim go dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir na gCleachtas Cuntasíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn. Cuirim mo thuairim in iúl má mheasaim gur coinníodh leabhair chuntasaíochta i gceart. Ina theannta sin dearbhaím

cé a réitíonn nó nach réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Cuirim in iúl freisin teagmhas ar bith nuair nár úsáideadh airgid do na cuspóirí dá raibh siad ceaptha nó nuair nach réitíonn na hidirbhearta leis na húdaráis atá á rialú.

Cuirim in iúl freisin mura bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe uilig a bhí riachtanach do chuspóirí m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú cibé a léiríonn nó nach léiríonn an Ráiteas ar Rialuithe Airgeadais Inmheánaigh gur chomhlíon an Bord Cód Cleachtais do Rialú Comhachtaí Stáit agus cuirim in iúl teagmhas ar bith nuair nach ndéanann sé amhlaidh nó má tá an ráiteas míthreorach nó má tá sé ar neamhréir le heolas ar bith eile a bhfuil eolas agam air ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní éiltear orm machnamh a dhéanamh ar cé acu a chlúdaíonn nó nach gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialuithe Airgeadais Inmheánaigh na rioscaí airgeadais agus na nósanna imeachta rialaithe go léir.

Léigh mé faisnéis ar bith eile sa Tuarascáil Bhliantúil, agus measaim an bhfuil sé ar aon dul leis na ráitis airgeadais iniúchta nó nach bhfuil. Machnaím ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas go raibh míráitis nó neamhréireachtaí soiléire sna ráitis airgeadais.

### Bunús na Tuairime Iniúchta

Agus mé ag déanamh mo dhualgais mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán

Idirnáisiúnta ar Iniúchtóireacht (RA agus Éire) eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchta agus de réir na gcúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí stáit maidir lena mbainistíocht agus a bhfeidhmiú. Is éard atá san iniúchadh ná scrudú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna, nochtadh agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais sna ráitis airgeadais. Tá measúnú ann freisin ar na meastacháin agus na breithiúnais thábhachtacha déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar an bhfuil na cleachtais chuntasaíochta ceart do thosca an Bhoird nó nach bhfuil, agus an raibh siad curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nochta go sásúil nó nach raibh.

Phleanál mé agus rinne mé m'iniúchadh leis an eolas agus na mínithe uile a cheap mé a bheadh riachtanach le fianaise go leor a thabhairt dom agus lena chinntíú go réasúnta go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis, bíodh sé trí chalaois nó trí mhírialtacht nó trí earráid eile nó ná bíodh. Agus mé ag déanamh mo mhachnaimh, rinne mé measúnú ar leorgacht iomlán an eolais tugtha sna ráitis airgeadais.

### Tuairim

I mo thuairim tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasáiochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ar staid chúrsaí an Bhoird agus ar staid a ioncaim agus a chaiteachais don bliain sin dar críoch 31 Nollaig 2007.

I mo thuairim, choinnigh an Bord leabhair chuntais chearta. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

### Gerard Smyth

**Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 29 Meán Fómhair 2008**

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Éilíonn Alt 178 an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe ar Bhaill an Bhoird Ráitis Airgeadais a ullmhú sa dóigh go bhféadann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil iad a cheadú agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo.

Agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin ní mór don Stiúrthóir agus don Bhord:

- Beartais chearta cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastachán a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- Dearbhú gur cláodh le caighdeán fhóirsteanacha cuntasáíochta nó nár cláodh, faoi réir imeacht ábhartha ar bith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn feidhmithe ach amháin mura bhfuil sé ceart glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.

Tá an Stiúrthóir, faoi stiúir an Bhoird, freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil a noctann go réasúnta beacht ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntí go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 178 den Acht. Tá an Bord freagrach as a chinntí go ndéantar gnó an Bhoird ar bhealach ceart agus rialta agus as na sócmhainní uile a chumhdach faoina rialú feidhmitheach féin agus mar sin de, as céimeanna réasúnta a thabhairt chun calaois agus mírialtachtaí eile a aimsiú agus cosc a chur orthu.

### Anne Marie Caulfield

Stiúrthóir

### Tom Dunne

Cathaoirleach



## Ráiteas ar Rialuithe Airgeadais Inmheánaigh

### Freagacht as córas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann bhaill an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, aithním ár bhfreagracht lena chinntíú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a sholáthar go bhfuil na sócmhainní cumhdaithe, na hidirbhearta údaraithe agus cláraithe mar is ceart agus go gcuirtear cosc ar earráid ábhartha nó ar mhírialtacht ar bith eile nó go n-aimsítear iad in am agus i dtráth.

### Eochairnósanna imeachta rialaithe

Bunaíodh an Bord um Thionónachtaí Cónaithe Príobháideacha faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus tosaíodh i mbun feidhme an 1ú Meán Fómhair 2004.

Ó shin i leith, rinne an Bord bearta tosaigh chun timpeallacht cheart a chinntíú trí:

- a chinntíú go gcomhlíonann an Bord a oibleagáidí airgeadais faoin Acht
- a chinntíú go dtugtar cuntas ceart ar shócmhainní agus ar dhliteanais an Bhoird
- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir i struchtúr eagraíochtúil sainmhíniúthe le roinnt deilt shoiléir idir na dualgais; agus
- go mbunaítear fochoistí cuí den Bhord le fócas níos mó a chur ar réimsí ar leith.

D'aontaigh baill an Bhoird (faoi réir tharmhigean an Stiúrthóra) go mbeadh an Stiúrthóir agus oibrithe an Bhoird freagrach as cúrsaí oibríochta.

Téann an Stiúrthóir a bhfuil freagracht aige/aici as creatlach an rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothú i bhfeidhm ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú éifeachtacht chórás rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Go dtí an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 bhí an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ag brath ar chórais chuntasáiochta agus phárola na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Maidir leis sin, ní mór don PRTB cloí leis na nósanna imeachta rialaithe atá i bhfeidhm laistigh den Roinn.

Próiseáladh íocaíochtaí a rinne an Bord um Thionónachtaí Cónaithe Príobháideacha le linn 2007 trí Chórás Bainistíochta Airgeadais Oracle na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

D'fhostaigh an Bord um Thionónachtaí Cónaithe Príobháideacha gnólacht chomhairleach sheachtrach maidir le soláthar a phárola agus a fheidhmithe cuntasáiochta. Ón 1 Eanáir 2008 rinneadh foinsíú allamuigh iomlán ar riár an phárola d'oibrithe lánaimseartha agus ar riár fheidhmiú cuntasáiochta an Bhoird um Thionónachtaí Cónaithe Príobháideacha.

In 2006 cheap an Bord coiste iniúchóireachta ar a raibh 4 ball ar bhaill sheachtracha beirt, an Cathaoirleach san áireamh. Tá ról an Choiste mar chuid leanúnach den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht an rialaithe agus ar na nósanna

---

imeachta rialaithe laistigh den Bhord agus is é an ról atá aige freisin feidhmiú an iniúchta inmheánaigh a mhaoirsiú chomh maith le comhairle a thabhairt don Bhord ar oibriú agus ar fhorbairt na feidhme sin. Tá ról ag an gCoiste freisin maidir le maoirseacht na ndréachtráiteas bliantúil airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad ar mhaithe le faomhadh.

Choimisiúnaigh an Bord comhairleoirí seachtracha in 2006 chun athbhreithniú riosca a dhéanamh le heocair-réimsí riosca agus laigí rialaithe an eagrais a aithint. D'aithin measúnú riosca agus an chéad athbhreithniú ar na rialuithe cuntasaíochta agus inmheánacha laistigh den PRTB, a rinneadh i Meitheamh 2006, an gá le hathbhreithnithe inmheánacha iniúchta i roinnt eochair-réimsí. Rinneadh na hathbhreithnithe sin go luath in 2007 agus rinneadh moltaí don Bhord. Bunaithe ar chinneadh an mheasúnaithe riosca d'aontaigh an Bord ar Phlean Inmheánach Iniúchta trí bliana go luath in 2007. Tá cur i bhfeidhm na moltaí leagtha amach sa phlean iniúchta ag dul ar aghaidh faoi láthair.

#### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Cé nach ndearnadh athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha in 2007 déanfar athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i Meán Fómhair 2008. I gcomhthéacs fhorbairt a Phlean Chorparáidigh do 2008 – 2010, tá an Bord ag athbhreithniú a phróiseas, a nósanna imeachta agus bearta eile chun éifeachtacht a chur chun cinn faoi láthair.

**Tom Dunne**

Cathaoirleach

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais thábhachtacha cuntasáiochta ar glacadh leo sna ráitis airgeadais:

### 1. Ginearálta

Is iad feidhmeanna ginearálta an Bhoird: feidhmiú córas náisiúnta clárúcháin do na tionóntachtaí cónaithé aíochta go léir a thagann faoi théarmaí tagartha an Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, feidhmiú seirbhís réiteach díospóide, eolas a sholáthar, agus taighde a dhéanamh móide comhairle ar bheartas maidir leis an earnáil ciosa phríobháideach a thabhairt.

### 2. Bunús Cuntasáiochta

Uillmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe cuntasáiochta de réir phrionsabal cuntasáiochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis déanta i bhformáid arna gceadú ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá na cuntas ríofa in euros.

### 3. Ioncam

#### *Maoiniú Stáit*

Is éard atá sa mhaoiniú stáit ná caiteachas tabhaithe ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha agus maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le caiteachas riarracháin agus feidhmitheach an Bhoird agus costas na n-oibrithe a tugadh ar iasachta don Bhord ag an Roinn don tréimhse.

#### *Clárúchán & Táillí Díospóide*

Aithnítear táillí maidir le clárúcháin agus díospoidí nuair a fhaightear iarratas bailí.

#### *Ioncam Úis*

Is ionann ioncam eile agus ús ag fabhrú ar nótaí an státhiste atá ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Státhiste Náisiúnta faoi láthair.

### 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Ríomhtar sócmhainní seasta inláimsithe mar chostas lúide dímheas carnach.

Tá dímheas soláthraithe ar bhonn líne díri ar rátaí a mheastar le costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolta úsáideacha tuartha sa dóigh seo a leanas:

Feabhsuite Léasacha	5%	Líne Dhíreach
Troscán & Feisteas	10%	Líne Dhíreach
Trealamh Oifige	20%	Líne Dhíreach
Trealamh Ríomhairesca	20%	Líne Dhíreach

Ní raibh na feabhsuite léasacha, troscán agus feisteas maidir le Teach Dhroichead Uí Conaill dímheasta i ráitis airgeadais 2007 mar ní raibh siad in úsáid go dtí an 18 Eanáir 2008.

### 5. Airgeadraí Coigríche

Aistrítear luach idirbheart in airgeadraí coigríche go euros ar rataí malairte atá ann ag dáta an idirbheartaithe. Gearrtar difear ar bith a thagann as an aistriú idir na dátaí idirbheartaithe agus íocaíochta ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais.

### 6. Cuntas Caipítíl

Is ionann an cuntas caipítíl agus méid mídhíscríofa an ioncaim úsáidte chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### 7. Pinsin Foirne

De réir Alt 163 den Acharta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 ullmhaíodh dréachtscéim le sochair phinsin a dheonú ar oibrithe an Bhoird agus cuireadh faoi bhráid an Aire chun cead a fháil ach níor ceadaíodh go fóill í.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

		Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2007	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006
	Nótaí	€	€
<b>Ioncam</b>			
Maoiniú Stát	1	5,739,940	2,973,787
Táillí Clárúcháin	2	6,156,749	5,995,772
Lúide Forchúitimh dlite d'údaráis áitiúla	7	(4,397,678)	(4,282,694)
		<b>7,499,011</b>	<b>4,686,865</b>
Táillí Díospóidí	3	36,181	38,340
Íocaíochtaí déanta ag OPW thar ceann an PRTB	10	279,461	280,854
		<b>7,814,653</b>	<b>5,006,059</b>
Aistriú ó / (go dtí) Cuntas Caipitil	8	(1,587,510)	35,965
		<b>6,227,143</b>	<b>5,042,024</b>
Ioncaim Úis		435,390	93,559
		<b>6,662,533</b>	<b>5,135,583</b>
<b>Caiteachas</b>			
Riarachán Ginearálta	4	(4,577,113)	(3,255,594)
Dímheas		(83,504)	(50,300)
		<b>(4,660,617)</b>	<b>(3,305,894)</b>
Barrachas ioncaim thar Chaiteachas	9	<b>2,001,916</b>	<b>1,829,689</b>

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Bheartais Cuntasáiochta agus Nótaí 1 go dtí 15.

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 le gníomhartha leanúnacha. Níl cailliúint ná gnóchain déanta ag an mBord sa tréimhse airgeadais seachas iad atá déileáilte leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

**Tom Dunne**

Cathaoirleach

## Clár Comhardaithe an 31 Nollaig 2007

	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2007	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006
	Nótaí	€
		€
<b>Sócmhainní Seasta</b>		
Sócmhainní inláimhsithe	5	1,740,187
		152,677
<b>Sócmhainní Reatha</b>		
Féichiúnaithe	6	133,474
Airgead tirim sa Bhanc		12,590,257
		8,591,846
	<b>12,723,731</b>	<b>8,608,882</b>
<b>Creidiúnaithe</b>		
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	7	(7,499,122)
		(5,386,189)
<b>Glan-Sócmhainní Reatha</b>		
Sócmhainní ionlána lúide dliteanais reatha		5,224,609
		3,222,693
	<b>6,964,796</b>	<b>3,375,370</b>
<b>Maoinithe ag</b>		
Cuntas loncaim agus Caiteachais	9	5,224,609
Cuntas Caipitil	8	1,740,187
		152,677
	<b>6,964,796</b>	<b>3,375,370</b>

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15.

**Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

**Tom Dunne**

Cathaoirleach

## Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2007	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006
	Nótaí	€
<b>Imréiteach barrachas oibriúcháin chuig</b>		
<b>Glan-Insreabhadh airgid ó ghíomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Barrachas oibriúcháin don bhliain	2,001,916	1,829,689
Dímheas	5	83,504
Ús tuillte		(435,390)
Aistriú ó / (go dtí) Cuntas Caipitil	8	1,587,510
Méadú ar fhéichiúnaithe	6	(116,438)
Méadú ar chreidiúnaithe		2,112,933
Glan-Insreabhadh airgid ó ghíomhaíochtaí oibriúcháin	<b>5,234,035</b>	<b>5,021,408</b>
<b>Ráiteas ar Shreabhadh Airgid</b>		
Glan-Insreabhadh airgid ó ghíomhaíochtaí oibriúcháin	5,234,035	5,021,408
<b>Tuairisceán ar Infheistíocht agus Seirbhisiú Airgeadais</b>		
Ús Tuillte	435,390	93,559
<b>Glanchaiteachas Caipitil</b>		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	8	(1,671,014)
<b>Méadú ar airgead</b>	<b>3,998,411</b>	<b>5,100,632</b>
<b>Imréiteach ar Ghlan-Sreabhadh Airgid Tirim Chuig Gluaiseacht i Nglan-Chistí</b>		
Glan-chistí an 31 Nollaig 2006	8,591,846	3,491,214
Glan-chistí an 31 Nollaig 2007	12,590,257	8,591,846
<b>Méadú ar airgead</b>	<b>3,998,411</b>	<b>5,100,632</b>

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15.

**Anne Marie Caulfield**

Stiúrthóir

**Tom Dunne**

Cathaoirleach

## Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 1. MAOINIÚ STÁIT

Chuir maoiniú stáit ar fáil trí Oifig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar luach €5,739,940 don bhliaín dar críoch 31 Nollaig 2007 (2006 - €2,973,787).

### 2. IONCAM TÁILLÍ CLÁRÚCHÁIN

Ba é €6,156,749 an luach táillí faighte ó thiarnaí talún mar iocaíocht ar chlárúchán a dtionóntachtaí.

De réir treo Aire, déanta faoi Alt 176(5) d'Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, déileáltear le hioncam táille clárúcháin faighte ag PRTB mar a leanas;

- 5/7ú chuig údarás áitiúla, arbh ionann é agus €4,397,678
- coinníonn PRTB 2/7ú ar son a gcostais riarracháin, arbh ionann é agus €1,759,071

### 3. IONCAM TÁILLÍ DÍOSPÓIDE

Fuarhas táillí maidir le feidhmiú seirbhís réiteach Díospóide agus b'ionann na táillí a cuireadh sa Bhanc agus €36,181.

#### 4. CAITEACHAS RIARACHÁIN

	Bliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007	Bliain Dar Críoch 31 Nollaig 2006
	€	€
Foireann Ar lasacht & Boird	1,032,911	976,255
Táillí Foireann Gníomhaireachta	982,444	664,858
Traenáil Foirne	26,936	11,581
Táillí Bhaill an Bhoird	142,260	134,982
Táillí Bhaill Binse	216,294	136,199
Traenáil Breithneoirí & Idirghabhálaithe	0	35,721
Táillí Breithneoirí agus Idirghabhálaithe	246,835	279,300
Costais Cruinnithe	19,084	5,967
Fógraíocht	23,191	14,235
Costais Poist agus Dálte	159,282	93,913
Costais prioritála agus aistriúcháin	64,993	74,501
Soláthairtí oifige	66,343	46,040
Costais Teileafóin	4,985	6,955
Costais ríomhaireachta agus cothabhála	61,673	95,177
Costais cóiríochta	279,461	280,854
Solas & Teas	10,099	0
Seirbhísí glantóireachta	12,600	12,742
Costais luathscríbhneoireachta	90,526	95,139
Táillí Dlíthiúla agus Gairmiúla	935,788	202,508
Táillí iniúchta	11,000	9,600
Táillí cuntasáiochta	108,265	10,959
Staidéir Taighde	49,142	39,846
Ilchineálach	33,001	28,262
	<b>4,577,113</b>	<b>3,255,594</b>

## 5. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Trealamh Ríomhaireachta	Feabhsuite Léasach	Trealamh Troscáin agus Feistis/Oifig	Iomlán
Costas	€	€	€	€
Iarmhéid Tosaigh	156,019	0	95,481	251,500
Breisiúchán le linn na bliana	155,542	1,402,320	113,152	1,671,014
An 31 Nollaig 2007	311,561	1,402,320	208,633	1,922,514
<b>Dímheas</b>				
Iarmhéid Tosaigh	60,749	0	38,074	98,823
Táille don bhliain	62,312	0	21,192	83,504
An 31 Nollaig 2007	123,061	0	59,266	182,327
<b>Glan-Luach Leabhair</b>				
An 31 Nollaig 2006	95,270	0	57,407	152,677
An 31 Nollaig 2007	188,500	1,402,320	149,367	1,740,187

## 6. FÉICHIÚNAITHE

### Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	31 Nollaig 2007	31 Nollaig 2006
	€	€
Costais réamhíochta	13,158	9,186
Ús Infhaighte	18,835	7,850
Ioncam Fabhraithe	84,190	0
Féichiúnaithe Éagsúla	17,291	0
<b>133,474</b>	<b>17,036</b>	

## 7. CREIDIÚNAITHE

### Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	31 Nollaig 2007	31 Nollaig 2006
	€	€
Creidiúnaithe & Fabhrúithe	429,812	187,151
Méideanna Dlite d'Údaráis Áitiúla	7,069,310	5,199,038
	<b>7,499,122</b>	<b>5,386,189</b>

### Anaílís ar na méideanna dlite d'údaráis áitiúla:

Leagann an clár thíos amach, táillí a fuarthas sa bhliain airgeadais lena mbaineann agus méideanna a íocadh le húdaráis áitiúla ar leith as a bhfeidhmeanna faoi Chaighdeán Tithíochta agus Rialachán Leabhar Cíosa;

Táillí dálite ar údaráis áitiúla sa bhliain airgeadais 2005	3,507,944
Táillí dálite ar údaráis áitiúla sa bhliain airgeadais 2006	4,282,694
Táillí dálite ar údaráis áitiúla sa bhliain airgeadais 2007	4,397,678
	<b>12,188,316</b>
Táillí eisíochta sa bhliain airgeadais 2005	1,582,350
Táillí eisíochta sa bhliain airgeadais 2006	1,009,250
Táillí eisíochta sa bhliain airgeadais 2007	2,527,406
	<b>5,119,005</b>
Méideanna Dlite d'Údaráis Áitiúla	<b>7,069,310</b>

Beidh na méideanna atá le híoc le húdaráis áitiúla de réir na gcritéar leagtha amach ag, agus faoi threoir an, Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

## 8. CUNTAS CAIPITIL

	31 Nollaig 2007	31 Nollaig 2006
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	152,677	188,642
Aistriú ó / (go dtí) Cuntas loncaim agus Caiteachais		
Maoiniú chun Sócmhainní a fháil	1,671,014	14,335
Amúchadh de réir dímheas sócmhainne	(83,504)	(50,300)
	<b>1,587,510</b>	<b>(35,965)</b>
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig	<b>1,740,187</b>	<b>152,677</b>

### 9. IONCAM IOMARCACH CARNACH THAR CHAITEACHAS

	31 Nollaig 2007	31 Nollaig 2006
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	3,222,693	1,393,004
Barrachas ioncaim thar chaiteachas	2,001,916	1,829,689
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig	<b>5,224,609</b>	<b>3,222,693</b>

## 10. COSTAIS FOIRNE, SEIRBHÍSÍ CÓIRÍOCHTA AGUS OIFIGE

Is éard atá sna costais foirne ná costais foireann ar iasacht agus foireann boird ar luach €1,032,911, foireann gníomhaireachta seachtrá ar luach €982,444 agus oiliúint foirne ar luach €26,936.

Sholáthair Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhísí cóiríochta agus seirbhísí eile (cíos, táille sheirbhíse agus árachas) ar luach €279,461 ar bhonn neamh-aísíocaóchta. Taifeadadh costais na seirbhísí seo sna cuntas mar ioncam agus caiteachas chun taifead cruinn a thaispeáint ar chineál an idirbhirt.

I nDeireadh Fómhair 2007 shínigh PRTB comhaontú léasach 20 bliain maidir leis an dara agus an tríú hurlár i dTeach Dhroichead Uí Chonaill Sráid D'Olíer Baile Átha Cliath 2. Tharla an t-aistriú go dtí an t-áitreabh nua an 18 Eanáir 2008.

## 11. AOISLIÚNTAS

Is Státseirbhísigh ón Roinn ar aistriú sealadach iad foireann an PRTB agus tá siad clúdaithe ag socruithe pinsin na Státseirbhíse. Is scéimeanna sainmhínithe sochair iad Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse nach bhfuil maoinithe agus riarthá ag An Roinn Airgeadais. Níl aon táille sna ráitis airgeadais do dhliteanais aoisliúntais ar bith eile a d'fhéadfáí éirí amach anseo maidir leis an bhfoireann úd. Sa dara leath de 2007 d'fhostaigh PRTB 5 bhall foirne ar bhonn lánaimseartha. Ní dhearnadh aon phoráil d'aoisliúntas sna ráitis airgeadais 2007 do na baill foirne úd toisc go gceaptar gur neamhábhartha é an tsuim atá i gceist.

## 12. ÍOCAÍOCHTAÍ MALLA I DTACA LE HIDIRBHEARTA TRÁCHTÁLA

Tuigeann An Bord a fhreagrachtaí faoi na Rialacháin Íocaíochtaí Malla le hIdirbhearta Tráchtála 2002 agus bhunaigh sé nósanna imeachta agus próisis chuí lena chinntí go ndéantar gach íocaíocht de réir na Rialúchán.

Níor íoc an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha íocaíochta úis mhall le linn na bliana.

## 13. DLITEANAIOS TEAGMHASACHA

Bhí thart faoi 1,500 caingean réiteach díospóide idir láhma ag an mBord an 31 Nollaig 2007. Toisc go mbíonn éagsúlacht mhór costas ar phróiseas réiteach díospóide ó chás go cás ní dhearnadh soláthar sna Ráitis Airgeadais an 31 Nollaig 2007 do na cásanna neamhréitithe seo. Ina theannta sin tá breis agus 100 cás ar chéimeanna éagsúla caingean forfheidhmithe os comhair na gcúirteanna agus ní fios na costais a bheidh leo go fóill agus níl ann don soláthar sna Ráitis Airgeadais.

## 14. SUIMEANNA BAILL BOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir treoirínlte eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le noctadh suimeanna ag Baill Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta úd le linn na bliana. Ní raibh idirbhearta ar bith sa tréimhse maidir le gníomhartha Boird ina raibh suim leasa ag Baill Boird.

## 15. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 21 Bealtaine 2008.



